## Cluichí Foclóra chun treisiú ar Chur Síos

Is iomaí Toradh Foghlama gur féidir a thacú le húsáid teicneolaíochta. Cuireann sé le stór focal na bpáistí *(Toradh Foghlama 5: Stór Focal*), tugann sé múnlú ar struchtúr abairte cruinn *(Toradh Foghlama 4: Struchtúr abairte agus gramadach)* agus spreagann sé na foghlaimeoirí i slí thaitneamhach, spraíúil *(Toradh Foghlama 2: Inspreagadh agus Rogha*). Is suíomh gréasáin iontach é StudyStack (www.studystack.com) chun cluichí ar líne simplí a chumadh, chun treisiú ar an bhfoclóir atá múinte. Is fiú go mór an dua saor-chuntas a chruthú, é sin nó a mhúineadh dos na páistí conas na "study sacks" a chruthú dóibh féin.







